An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Straitéis Cumarsáide agus Rannpháirtíochta 2024-2027

Dáta: 20 Samhain 2023

# Straitéis Cumarsáide agus Rannpháirtíochta 2024 - 2027

## Cuspóir na straitéise seo

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta rialtóir ghairm na múinteoireachta in Éirinn. Tá sí tiomanta do fheabhais i ngairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialú.

Forbraíodh an straitéis seo chun na cuspóirí i bPlean Straitéiseach na Comhairle (2022-2027) a chur chun cinn. Éilíonn sé seo ar an gComhairle:

> **“Straitéis chomhtháite cumarsáide agus rannpháirtíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cuspóirí agus táirgí insoláthartha soiléire a ionchorprú, le béim ar leith ar Bhéarla agus Gaeilge shimplí”.**

Ag teacht leis an bPlean Straitéiseach, Tacóidh straitéis cumarsáide le cur in iúl na mbeartas, na rialachán agus na gcaighdeán do ghairm na múinteoireachta.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis cumarsáide teagmháil rialta agus tráthúil le páirtithe leasmhara a éascú, comhoibriú a chur chun cinn agus aiseolas a bhailiú chun ár bhfor-rochtain agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil a mhúnlú. Tacóidh ár gcumarsáidí freisin le forbairt ghairmiúil múinteoirí trí eolas a chur in iúl maidir le deiseanna ábhartha, treoir agus caighdeáin ghairmiúla.

Ina dhiaidh sin, beidh ról ríthábhachtach ag an gcumarsáid freisin maidir le hionracas aitheanta ghairm na múinteoireachta agus muinín an phobail a chuirtear i múinteoirí ag an sochaí, a chothú agus a chur chun cinn.

Tacófar leis an straitéis trí phleananna feidhmiúcháin bliantúla agus gníomhaíochtaí maidir le feidhmeanna agus oibríochtaí sonracha na Comhairle Múinteoireachta. Coinneoidh Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta faoi athbhreithniú bliantúil í chun a hábharthacht agus a tráthúlacht leanúnach don straitéis chorparáideach níos leithne a chinntiú.

## Ár gcuspóir a chur in iúl

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta rialtóir ghairm na múinteoireachta in Éirinn. Is é an ról atá againn ná an pobal a chosaint trí chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialú.

Déanaimid é seo trí chlárú reachtúil múinteoirí, a chinntíonn gairm mhúinteoireachta ardcháilithe, a gcomhlíonann a ball caighdeáin arda inniúlachta agus iompair ghairmiúil.

## Áirítear le príomhfheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta (agus níl siad teoranta dóibh seo a leanas):

Léirítear na freagrachtaí seo a leanas i riachtanais chumarsáide na Comhairle, a chuireann rialáil éifeachtach chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.

Déanaimid é seo ar mhaithe le córas scoile lena n-áirítear breis agus 120,000 múinteoir cláraithe, beagnach 4,000 scoil agus dalta agus foghlaimeoirí ar fud na n-earnálacha bunoideachais, iar-bhunscoile agus breisoideachais.

1. **Freagracht as clár a choinneáil de mhúinteoirí cáilithe agus grinnfhiosraithe in Éirinn.** Cinntíonn sé seo go gcomhlíonann múinteoirí na ceanglais cháilíochta, caighdeáin, inniúlachtaí agus carachtair riachtanacha don chlárú.
2. **Caighdeáin arda do mhúinteoirí in Éirinn a bhunú agus tacú leo.** Bunaíonn an Chomhairle caighdeáin do mhúinteoirí feadh a dtréimhse gairme iomlán lena n-áirítear treoirlínte agus cóid a bhaineann lena n-iompar gairmiúil, eolas, scil agus inniúlacht.

3. **Cáilíocht na gclár oideachais tosaigh múinteoirí a sholáthraíonn institiúidí ardoideachais in Éirinn a chinntiú.** Áirítear leis seo próisis athbhreithnithe agus creidiúnaithe chun ardchaighdeáin oideachais tosaigh múinteoirí a choinneáil, rud a chuireann le caighdeán an teagaisc agus na foghlama sa tír.
4. **Caighdeáin a bhunú chun treoir a thabhairt agus tacú le próisis ionduchtaithe atá riachtanach ar bhonn reachtúil agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do mhúinteoirí cláraithe.** Cruthaíonn sé seo tagarmharcanna córasacha a thacaíonn leis na céimeanna tosaigh de ghairm bheatha an mhúinteora agus spreagann sé foghlaim ghairmiúil leanúnach ar feadh a ngairme.
5. **Taighde a choimisiúnú agus a sheoladh, ag baint úsáide as sonraí agus fianaise chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht agus forbairt beartais.** Soláthraíonn sé seo moltaí atá bunaithe ar fhianaise agus cuireann sé leis an bplé ar bheartais, cleachtais agus athchóirithe oideachais, d'fhonn ardchaighdeáin a chinntiú i ngairm na múinteoireachta.

## Téamaí atá taobh thiar den chumarsáid

Agus an straitéis seo á hullmhú, chuaigh an Chomhairle Múinteoireachta i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus shainaithin siad na téamaí tosaíochta seo a leanas:

1. **Soiléireacht ar róil:** Cuirfimid cuspóir chlár na múinteoirí in iúl, ag cur ár ról mar rialtóir in iúl go soiléir, agus ag spreagadh agus ag cothú ardchaighdeáin sa ghairm.
2. **Seasamh le caighdeáin chun leanaí agus daoine leochaileacha a chosaint:** Cinnteoimid go gcomhlíontar polasaithe agus treoirlínte rialála agus ar an gcaoi sin cuirfimid ionracas ghairm na múinteoireachta chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.
3. **Ár gcion dearfach agus luach:** Leagfaimid béim ar an méid a chuireann muid le gairm na múinteoireachta, agus leis an gcóras oideachais, chun muinín leanúnach agus meas ar a chéile a chur chun cinn i measc ár bpáirtithe leasmhara.
4. **Trédhearcacht agus cuntasacht:** Cuirfimid ár bpróisis agus ár gcritéir chinnteoireachta in iúl chun cothroime, inniúlacht, éifeachtacht, trédhearcacht agus cuntasacht a léiriú, lena n-áirítear ár bpróisis oiriúnachta chun múineadh.
5. **Rannpháirtíocht agus comhoibriú:** Cuirfimid béim ar an rún atá againn idirphlé cuiditheach a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir chun gairm na múinteoireachta a fheabhsú agus chun tacú léi.

   Ag teacht lenár sainchúram faoin Acht um Chomhairle Múinteoireachta, cuirfimid go rialta leis an dioscúrsa beartais ar oideachas ar bhonn fianaise.

   Chomh maith le cumarsáid a dhéanamh amach, beidh muid ag feidhmiú mar eagraíocht atá ag éisteacht, atá eolasach bunaithe ar fhianaise, agus atá ag foghlaim, do gach duine a mbímid ag obair leo.
6. **Stíl agus cur chuige cumarsáide:** Glacfaimid cur chuige gairmiúil, comhbhách agus cuiditheach inár gcumarsáid, atá mar léiriú ar ár n-eagraíocht agus ár ndaoine, ag cur in iúl teachtaireacht chomhsheasmhach, shoiléir, láidir faoi ról na Comhairle.
7. **Oibríochtaí agus feabhsú seirbhíse:** Déanfaimid iarracht ár nósanna imeachta a bharrfheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear próisis inmheánacha agus idirghníomhaíochtaí, chun taithí iomlán an úsáideora a fheabhsú go leanúnach.
8. **Ag cur síos ar cé muid ar bhealach aonfhoirmeach:** Mar bhealach chun tús a chuir le comhairle leis an lucht éisteachta agus na páirtithe leasmhara go léir, déanfaimid cur síos ar cé muid féin, cad a dhéanaimid agus cén fáth a ndéanaimid é (ár sainchúram faoin Acht), mar seo a leanas:

> **Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta rialtóir ghairm na múinteoireachta in Éirinn.**
> **Is é an ról atá againn ná an pobal a chosaint trí chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialú.**

## I measc na gcuspóirí cumarsáide tá;



- Feasacht a chruthú go bhfuil caighdeáin ghairmiúla á gcur chun cinn ag an gComhairle Múinteoireachta trí rialáil, ar mhaithe le leas an phobail, agus is rud maith é seo do ghairm na múinteoireachta;
- A léiriú go bhfuil a freagrachtaí reachtúla á gcomhlíonadh ag an gComhairle Múinteoireachta, lena n-áirítear caighdeáin arda agus cumarsáidí maidir le hoiriúnacht chun múinteoireachta a chur chun cinn;
- Caidrimh chomhoibritheacha a fhorbairt agus a fheabhsú a éascaíonn ról na Comhairle Múinteoireachta, lena n-áirítear rannpháirtíocht chomhoibritheach leis na páirtithe leasmhara go léir;
- Feabhas a chur ar rannpháirtíocht le gairm na múinteoireachta agus leis an bpobal oideachais níos leithne, lena n-áirítear comhairliúchán agus aschur faisnéise a bhaineann lenár sainchúram reachtúil.

## Forbhreathnú ar chumarsáid straitéiseach i gcomhréir le Straitéis na Comhairle Múinteoireachta 2022 – 2027

| Sprioc | Réimse Straitéiseach | Cur Chuige Cumarsáide Straitéiseach | Gníomh(artha) Cumarsáide Straitéiseacha | Táirge Insoláthartha Cumarsáide |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Clárú agus Soláthar Múinteoirí**<br>Soláthar leordhóthanach múinteoirí cláraithe agus grinnfhiosrúcháin a chinntiú chun freastal ar riachtanais aitheanta an chórais scoile, lena n-áirítear éagsúlacht, i gcomhar leis an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus leis na páirtithe leasmhara go léir. | Díriú ar na réitigh atá á gcruthú againn chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas seo atá ag athrú, lena n-áirítear aitheantas a thabhairt do na brúnna socheacnamaíocha éagsúla atá ann maidir le líon cuí múinteoirí cláraithe a sholáthar ar fud gach réigiún in Éirinn.<br>Beidh béim láidir ar fhíricí agus ar fhigiúirí, tógtha ó thaighde, mar bhonn agus mar thaca ag ár bhfor-rochtain sa réimse seo.<br>**Éilíonn sé seo orainn:**<br>◦ Ar dtéamaí cumarsáide a ailíniú le prionsabail na trédhearcachta, na rannpháirtíochta, agus an chomhoibrithe, ag cur ár misean agus ár luachanna chun cinn agus ag tógáil tuilleadh muiníne agus creidiúnachta i measc ár bpáirtithe leasmhara.<br>◦ Scéalta a fhorbairt maidir lenár ról, ár gcuspóirí agus conas a thagann siad le beartais agus spriocanna oideachais níos leithne.<br>◦ Áit ar leith a bhaint amach don Chomhairle Múinteoireachta mar cheannaire nuálach, go háirithe maidir le rialáil ghairmiúil agus digitiú.<br>◦ Béim a chuir ar ár dtiomantas ar mhaithe próisis a shruthlíniú le haghaidh éifeachtacht mhéadaithe agus seachadadh seirbhíse barrfheabhsaithe. | ◦ Dul i mbun for-rochtana réamhghníomhach agus frithghníomhach sna meáin chun tacú lenár scéal.<br>◦ Cumarsáid a chomhordú leis na páirtithe leasmhara chun teachtaireachtaí agus tuiscint chomhsheasmhach a chinntiú.<br>◦ Cur le tionchar ár suíomh gréasáin, bealaí meán sóisialta, agus ardáin dhigiteacha eile chun faisnéis a scaipeadh go forleathan agus go héifeachtach.<br>◦ Treoir stíl cumarsáide a ghníomhachtú. Béarla follasach agus Gaeilge shimplí a úsáid inár gcumarsáid chun rochtain agus tuiscint a chinntiú.<br>◦ Dea-chleachtas a chinntiú de réir ár ndualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. | ◦ Nuashonruithe nuachtlitreach agus ríomhphoist: Leanúint le nuachtlitir rialta agus nuashonruithe ríomhphoist chun múinteoirí agus páirtithe leasmhara a choinneáil ar an eolas faoinár ndul chun cinn agus na gníomhaíochtaí atá le teacht;<br>◦ Seimineáir ghréasáin agus fóraim ar líne: Dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara, ár dtionscnaimh a phlé, aiseolas a bhailiú, agus aon cheisteanna a fhreagairt;<br>◦ For-rochtain: Leanúint ar aghaidh ag freastal ar aontaí gairmeacha, imeachtaí Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus Ionduchtúcháin agus cruinnithe MNC;<br>◦ Cruinnithe agus ceardlanna na bpáirtithe leasmhara: Cruinnithe rialta le príomhpháirtithe leasmhara chun nuashonruithe a sholáthar, ár dtionscnaimh a phlé, agus comhoibriú maidir le straitéisí;<br>◦ An Ghaeilge: Leanúint ar aghaidh ag cur le hinrochtaineacht na Gaeilge ar thairseach Mo Chlárúcháin agus ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Múinteoireachta;<br>◦ Tuarascáil dhébhliantúil chun tacú le cumarsáid ar dhul chun cinn i gcoinne phríomhoibleagáidí reachtúla agus tosaíochtaí straitéiseacha;<br>◦ Tuarascáil bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta: Sonraítear ár ngníomhaíochtaí agus ár ndul chun cinn de réir spriocanna straitéiseacha gach bliain. |

| Sprioc | Réimse Straitéiseach | Cur Chuige Cumarsáide Straitéiseach | Gníomh(artha) Cumarsáide Straitéiseacha | Táirge Insoláthartha Cumarsáide |
|---|---|---|---|---|
| 2 | **Pobail Ghairmiúla Chomhoibritheacha don Inbhuanaitheacht**<br><br>Creataí praiticiúla agus tacaíochtaí a sholáthar do phobail ghairmiúla chomhoibríocha le béim ar leith ar chuimsiú, áthas agus cruthaitheacht i dteagasc agus i bhfoghlaim d'ardchaighdeáin. | Béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú, cuimsiú, cruthaitheacht agus cáilíocht sa teagasc agus san fhoghlaim.<br><br>Ceannaireacht a sholáthar i gcaighdeáin rialála agus nuálaíocht a chur chun cinn, ag cur béime agus ag aithint ár n-idirspleáchas le páirtithe leasmhara chomh maith céanna.<br><br>Béim a chur ar ár dtiomantas don éagsúlacht, don chuimsiú agus don cháilíocht thar gach gné d'oideachas múinteoirí.<br><br>Béim a chur ar ár dtiomantas don Ghaeilge.<br><br>Léiriú ar ár ról agus cuspóirí, ag cinntiú go bhfaigheann ár lucht éisteachta ár dteachtaireachtaí ar bhealach chomh soiléir agus is féidir leo, agus a mbíonn an tionchar is fearr acu.<br><br>**Éilíonn sé seo orainn:**<br><br>◦ Béim a chur ar ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara sa teagasc agus san fhoghlaim.<br><br>◦ Cultúr comhoibrithe gairmiúla agus comhroinnte eolais a chur chun cinn.<br><br>◦ Taighde a chur chun cinn agus tacú leis ag léiriú an luach a thugann sé d'obair na Comhairle. | ◦ Torthaí taighde a úsáid chun eolas a chur ar ár gcinneadh beartais agus torthaí taighde a dháileadh chun treoir a thabhairt do cheapadh beartais agus do chleachtas sa chóras oideachais níos leithne.<br><br>◦ Cur le tionchar ár suíomh gréasáin, bealaí meán sóisialta, agus ardáin dhigiteacha eile chun faisnéis a scaipeadh go forleathan agus go héifeachtach.<br><br>◦ Treoir stíl cumarsáide a ghníomhachtú.<br><br>◦ Béarla follasach agus Gaeilge shimplí a úsáid inár gcumarsáid chun rochtain agus tuiscint a chinntiú | ◦ Nuashonruithe suíomh gréasáin<br><br>◦ Grafaicí eolais, aschuir chlosamhairc,<br><br>◦ Feachtais ar na meáin shóisialta,<br><br>◦ Nuashonruithe nuachtlitreacha agus ríomhphoist<br><br>◦ Cuimsithe/ailt i bhfoilseacháin na bpáirtithe leasmhara,<br><br>◦ Cruinnithe agus ceardlanna na bpáirtithe leasmhara,<br><br>◦ Seimineáir ghréasáin agus fóraim ar líne<br><br>◦ Cuimsithe i dtuarascáil bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta. |

| Sprioc | Réimse Straitéiseach | Cur Chuige Cumarsáide Straitéiseach | Gníomh(artha) Cumarsáide Straitéiseacha | Táirge Insoláthartha Cumarsáide |
|---|---|---|---|---|
| 3 | **Feidhmiúlacht chun Múineadh**<br><br>Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil na próisis um Fheidhmiúlacht chun Múineadh cothrom, cuí agus éifeachtach ar mhaithe leis an bpobal agus leis an ngairm. | Leanúint ar aghaidh ag cothú muiníne i measc an phobail agus na gairme i bpróisis oiriúnachta chun teagasc agus a dtorthaí.<br><br>Béim a chur ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht ár bpróiseas de réir an dlí agus ár sainchúraim rialála.<br><br>**Éilíonn sé seo orainn:**<br><br>- Béim a chur ar an deis atá ann cúrsaí smachta a réiteach ar an gcéad dul síos ag leibhéal na scoile (i gcúinsí ábhartha).<br>- Béim a chur ar ár gcuid oibre maidir le cumhachtaí rialála ábhartha (atá ar fáil agus riachtanach) agus ár dtiomantas d'fheabhsú leanúnach ar mhaithe le héifeachtacht agus inrochtaineacht níos fearr timpeall ár bpróisis. | - Béim a chur ar ár dtiomantas do chothroime, oiriúnacht agus éifeachtacht inár bpróisis um Fheidhmiúlacht chun Múineadh.<br>- Leanúint ar aghaidh ag soláthar nuashonruithe agus fógraí a bhaineann le Feidhmiúlacht chun Múineadh trí shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta, lena n-áirítear fiosrúcháin.<br>- Nuashonruithe a sholáthar do pháirtithe leasmhara ar ár ndul chun cinn maidir le próisis oiriúnachta chun teagasc a athbhreithniú agus a chuíchóiriú, chomh maith le cur i bhfeidhm leanúnach na rialachán reachtach. | - Fógraí foirmiúla fiosrúchán a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin,<br>- Nuashonruithe suíomh ghréasáin (eolas míniúcháin),<br>- Fógraí foirmiúla fiosrúchán a eisiúint chuig na meáin go tráthúil,<br>- Meáin a ligean isteach chuig fiosrúcháin*,<br>- Cuimsithe i dtuarascáil bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta,<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn chun machnamh a dhéanamh ar ár gcuid oibre ó achtaíodh ár bhfeidhm Feidhmiúlacht chun Múineadh,<br>- Tuarascáil bhliantúil um Fheidhmiúlacht chun Múineadh.<br><br>*Cinneann an Painéal Fiosrúcháin cibé an éistfear cás go poiblí nó go príobháideach, agus/nó an bhfuil sonraí an cháis gan ainm nó nach bhfuil, de rogha an phainéil. |

| Sprioc | Réimse Straitéiseach | Cur Chuige Cumarsáide Straitéiseach | Gníomh(artha) Cumarsáide Straitéiseacha | Táirge Insoláthartha Cumarsáide |
|---|---|---|---|---|
| 4 | **Corparáideach agus Acmhainní**<br><br>Bealaí oibre inbhuanaithe.<br><br>Cultúr eagraíochtúil solúbtha, comhoibríoch agus nuálach na Comhairle Múinteoireachta a thacaíonn le foghlaim chomhroinnte agus freagrúlacht do riachtanais rialála agus do thosaíochtaí náisiúnta a chothabháil agus a fheabhsú. | Dírigh ar bhéim a chur ar an gcaoi a gcuireann ár gcuid oibre luach ar inbhuanaitheacht, solúbthacht, comhoibriú, nuálaíocht agus foghlaim chomhroinnte chun cur le muinín inár dtreo straitéiseach agus inár n-éifeachtúlacht oibríochtúil.<br><br>Mar rialtóir ghairm na múinteoireachta a chinntiú go ndéanaimid ár gcuid oibre trí rialú a dhéanamh ar riosca ar mhaithe le leas an phobail.<br><br>**Éilíonn sé seo orainn:**<br>◦ Ár dtiomantas do leas na foirne, éifeachtacht eagraíochtúil, agus seachadadh seirbhíse trédhearcach agus cothrom a chur in iúl;<br>◦ Ár gcur chuige réamhghníomhach i leith athbhreithniú reachtaíochta, iniúchadh inmheánach, agus struchtúir rialachais eile a thaispeáint;<br>◦ Cur i bhfeidhm rathúil ár straitéis maidir le daoine a thabhairt chun suntais ag teacht le baint amach ár spriocanna;<br>◦ Caighdeáin agus nósanna imeachta chuí a leagan síos lena chinntiú go gcomhlíonaimid ár bhfeidhm rialála trí bhainistiú agus rialáil le haghaidh riosca. | ◦ Príomhtheachtaireachtaí a fhorbairt agus a roinnt maidir lenár gcultúr eagraíochtúil, cuspóirí straitéiseacha agus éachtaí.<br>◦ Idirghníomhú le páirtithe leasmhara chun caidrimh a neartú agus feasacht ar ról agus oibríochtaí na Comhairle a mhéadú.<br>◦ Ár dtiomantas do chearta an duine, comhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus folláine na foirne a chur in iúl, ag cur béime ar ról na luachanna seo inár bpróisis chinnteoireachta agus seachadadh seirbhíse.<br>◦ Béim a chur ar an imní atá orainn maidir le folláine múinteoirí, le linn ár bpróisis, ar fud a ngairme beatha ar fad.<br>◦ Béim a chur ar ár dtrédhearcacht agus ar chothroime agus neamhchlaontacht ár seachadadh seirbhíse. | ◦ Rannpháirtíocht roghnach leis na meáin,<br>◦ Nuashonruithe suíomh gréasáin<br>◦ Grafaicí eolais, (conas a oibrímid),<br>◦ Nuashonruithe ar na meáin shóisialta (LinkedIn),<br>◦ Cuimsithe i dtuarascáil bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta,<br>◦ Inmheánach cumarsáid a chinntíonn feasacht ar ár bpleananna, ár gcláir agus ár dtionscnaimh,<br>◦ Plean gníomhaíochta inbhuanaitheachta a scaipeadh agus a chur in iúl,<br>◦ Cumas Gaeilge a spreagadh agus a chinntiú,<br>◦ Monatóireacht agus nuashonrú leanúnach a dhéanamh ar ár gclár riosca. |

## Achoimre

Cinntíonn ról rialála na Comhairle Múinteoireachta go gcloíonn gairm na múinteoireachta le caighdeáin agus le cóid chleachtais agus iompair, ag tacú le cultúr aitheanta sármhaitheasa sa mhúinteoireacht in Éirinn. Tá sé seo ar aon dul le beartais oideachais níos leithne a bhfuil sé mar aidhm acu oideachas ardchaighdeáin a chothú, torthaí a fheabhsú do dhaltaí, agus uilechuimsitheacht agus comhionannas deiseanna oideachais a chur chun cinn in Éirinn.

Cuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta forbairt múinteoirí, nuálaíocht, comhoibriú agus taighde chun cinn, rud a chuireann le cáilíocht oideachais feabhsaithe. Tacaíonn sé le beartais atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus le modhanna éifeachtacha teagaisc. Trína ról rialála, rannchuidíonn an Chomhairle le córas oideachais atá láidir, bunaithe ar cháilíocht agus bunaithe ar chaighdeáin ar mhaithe le leas an phobail.

Tacóidh cumarsáid éifeachtach le baint amach ról reachtúil agus cuspóirí oibríochtúla na Comhairle Múinteoireachta i gcomhréir leis an straitéis chorparáideach (2022-2027). Tacófar leis seo trí phleananna feidhmithe bliantúla, agus pleananna cláir agus tionscadail, atá sainiúil, intomhaiste, insroichte, ábhartha, agus a bhfuil teorainn ama leo don éifeachtacht is fearr.